Cuntas Leithreasa 2016

# Vóta 41

# An tÚdarás Póilíneachta

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 41, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an riachtanais seo, réitigh mé an cuntas faoi iamh den mhéid a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016 maidir le tuarastail agus speansais an Údaráis Póilíneachta.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2016, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Tá farasbarr €1.56 milliún le géilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas seo an ráiteas faoi pholasaithe agus faoi phrionsabail chuntasaíochta agus na nótaí 1 go 6.

## Bunú an Vóta

Bunaíodh an tÚdarás Póilíneachta ar 1 Eanáir 2016. Cuimsíonn sé an Cathaoirleach agus ochtar ball.

Bunaíodh an t-Údarás trí achtú Acht an Gharda Síochána (An tÚdarás Póilíneachta agus Forálacha Ilghnéitheacha), 2015 a rinne Acht an Gharda Síochána 2005 a leasú. Is é ról an Údaráis ná maoirseacht a dhéanamh ar an nGarda Síochána do chomhlíonadh na bhfeidhmeanna dá chuid a bhaineann le seirbhísí póilíneachta. Foráiltear san Acht go ndéanfaidh an t-Údarás, agus é ina mbun:

- Tosaíochtaí agus spriocanna feidhmíochta an Gharda Síochána a leagan síos
- An ráiteas straitéise agus plean póilíneachta bliantúil a chuireann Coimisinéir na nGardaí ar aghaidh a cheadú
- Na nithe seo a choinneáil faoi athbhreithniú
    - feidhmíocht an Gharda Síochána agus é i mbun a chuid dualgais
    - na socraithe agus na straitéisí atá i bhfeidhm chun tacú agus neartú le feidhmíocht na ndualgas sin
    - leordhóthanacht
        - na socruithe agus struchtúir rialachais corparáidigh laistigh den Gharda Síochána
        - na socruithe earcaíochta, oiliúna agus forbartha comhaltaí agus baill d'fhoireann shibhialta an Gharda Síochána
        - na meicníochtaí atá i bhfeidhm laistigh den Gharda Síochána chun feidhmíocht agus cuntasacht na gcomhaltaí agus na foirne sin a thomhas agus
        - na socruithe chun na hacmhainní atá ar fáil don Gharda Síochána a bhainistiú agus leas a bhaint astu lena chinntiú go mbaintear an úsáid is fearr, is éifeachtaí agus is éifeachtúla as na hacmhainní sin
- an méid cruinnithe agus is gá a thionól le Coimisinéir an Gharda Síochána chun go bhfeidhmítear a chuid feidhmeanna, a mbeidh an pobal in ann freastal ar cheithre cinn acu ar a laghad agus a mbeidh cead ag na meáin iad a chraoladh gach bliain
- daoine a ainmniú lena gceapadh ag an Rialtas i bpoist Choimisinéir an Gharda Síochána agus Leas-Choimisinéir an Gharda Síochána tar éis próiseas roghnaithe arna dhéanamh

ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, agus a mholadh go gcuirfí as oifig iad i gcásanna faoi leith

- daoine a cheapadh chuig céimeanna Ceannfort an Gharda Síochána, Ard-Cheannfort agus Coimisinéir Cúnta (agus iad a chur as oifig ar fháthanna a bhainfeadh le seirbhísí póilíneachta)

- foireann shibhialta sa Gharda Síochána den ghrád a bheadh comhionann le nó cothrom le grád an Ard-Cheannfoirt a cheapadh

- cód eitice de chuid an Gharda Síochána a bhunú laistigh de 12 mhí de bhunú an Údaráis

- treoirlínte a eisiúint chuig údaráis áitiúla agus chuig Coimisinéir an Gharda Síochána maidir le comhchoistí póilíneachta (CCPanna) a bhunú agus a chothabháil agus cruinnithe chathaoirligh na CCP a thionól chun críocha feidhmíocht a gcuid dualgais a chomhordú agus a éascú

- prionsabail phóilíneachta agus feasacht an phobail ar ábhair a bhaineann le seirbhísí póilíneachta a chur chun cinn agus tacaíocht a thabhairt d'fheabhas leanúnach na póilíneachta sa Stát

- fanacht ar an eolas go ginearálta maidir le:

    - gearáin a dhéantar in aghaidh chomhaltaí den Gharda Síochána agus feidhmiú na rialachán smachtaithe; agus
    - treochtaí agus patrúin i gcoireanna a dhéantar

- tabhairt faoi thionscadail taighde, nó iad a choimisiúnú nó cabhrú leo, a bhaineann le seirbhísí póilíneachta, a d'fhéadfadh, i dtuairim an Údaráis:

    - feabhas ar chur ar na caighdeáin a bhaineann leis na hábhair sin agus feasacht an phobail orthu a chur chun cinn; nó
    - cur le laghdú i líon na ngearán a dhéantar i leith chomhaltaí den Gharda Síochána maidir leis na hábhair sin

- maoirsiú agus measúnú a dhéanamh ar na bearta a ndeachaigh an Garda Síochána ina mbun a bhain le moltaí a rinneadh i dtuarascáil Cigireachta an Gharda Síochána.

Cuimsíonn an tÚdarás naoi mball. Ina theannta sin, buaileann ceithre fhochoiste den Bhord a bhíonn ag plé le ceapúcháin, iniúchadh agus riosca, eiticí agus straitéis agus feidhmíocht le chéile ar bhonn míosúil. Tacaíonn an Feidhmeannas leis an Údarás.

In 2015, sholáthair fo-cheannteideal A11 na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais maoiniú deontais do phá agus costais riaracháin neamhphá a bhain le hullmhúchán do bhunú an Údaráis Phóilíneachta. Is é 2016 an chéad bhliain a bhfuil Vóta dó féin ag an Údarás Póilíneachta agus is é 2016 freisin an chéad bhliain a bhfuil an tÚdarás Póilíneachta ag feidhmiú. Níl figiúirí do bhlianta eile san áireamh sa chuntas chun comparáid a dhéanamh.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

## Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais

### *Freagracht don chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh*

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh á chothabháil agus á fheidhmiú ag an Údarás Póilíneachta.

Ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, go bhfuil idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú leanúnach.

### *Timpeallacht um rialú airgeadais*

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na nithe seo a leanas mar chuid de:

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmiúla do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- Bunaíodh coiste iniúchóireachta le linn 2016 chun comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí maidir leis an gcóras rialaithe airgeadais inmheánaigh san Údarás Póilíneachta agus chas an coiste sin lena chéile faoi dhó le linn na bliana.

### *Rialaithe riaracháin agus tuairisciú bainistithe*

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- Córas buiséadaithe iomchuí agus buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag bainistíocht shinsearach.
- Athbhreithniú rialta á dhéanamh ag lucht bainistíochta sinsearaí ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh meastachán.
- Córais atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.
- Treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil iomchuí, chomh maith le rialacha foirmiúla um bhainistiú tionscadail.
- Cinntíonn an t-Údarás go bhfuil fócas cuí ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha. Chomhlíon an t-Údarás na treoirlínte.
- Cé nach raibh córas bainistithe riosca foirmiúil, lena n-áirítear clár riosca, i bhfeidhm san Údarás in 2016, d'aithin an t-Údarás agus chuaigh sé i mbun measúnaithe ardleibhéil ar na bunrioscaí mar chuid dá phleanáil straitéise in 2016, agus tugtar aghaidh ar riosca i gcomhthéacs gach cinneadh suntasach a dhéanann an t-Údarás. Tá socruithe ar bun chun córas bainistithe riosca foirmiúil a bhunú in 2017.

### *Iniúchadh Inmheánach*

Ní raibh feidhm iniúchta inmheánaigh don Údarás i bhfeidhm le linn 2016 de bharr leibhéal íseal caiteachais agus acmhainní foirne le linn chéim bunaithe na heagraíochta. Tosaíodh ar phróiseas earcaíochta ag deireadh 2016 agus cuireadh conradh i bhfeidhm in Eanáir 2017 chun an fheidhm iniúchta inmheánaigh a sheachfhoinsiú. Ó shin, tá cairt iniúchta inmheánaigh i bhfeidhm agus rinneadh clár oibre iniúchta inmheánaigh 3 bliana a dhréachtú.

### *Seirbhísí Comhroinnte*

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí maidir le riachtanais an chomhaontaithe leibhéil seirbhíse idir an oifig seo agus an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais do sholáthar seirbhísí comhroinnte airgeadais. Brathaim ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais go bhfuil na rialaithe cuí á bhfeidhmiú maidir le soláthar seirbhísí comhroinnte don oifig seo.

Íoctar fostaithe an Údaráis Póilíneachta go fóill tríd an Vóta Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus tá próiseas aisghabhála i bhfeidhm. Tá gá leis an socrú seo lena chinntiú go gcuirtear seirbhís párolla ar fáil fad is atá eagraíocht cliaint ar leithligh á dhéanamh den Údarás Póilíneachta san Lárionad Seirbhísí Comhroinnte Párolla (Vóta Seirbhísí Roinnte).

**Helen Hall**
Oifigeach Cuntasaíochta
An tÚdarás Póilíneachta

2 Márta 2017

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 41 An tÚdarás Póilíneachta

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 41 Údaráis Póilíneachta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a fhorordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na polasaithe cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithreasa.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithreasa a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin san Údarás Póilíneachta agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt san chuntas leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntas leithreasa gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithreasa, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa.

***Scóip an iniúchta***

Áirítear mar chuid d'iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas chomh maith le measúnú i dtaca leis an gceist ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta *Ghnáthaimh Airgeadais Phoiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithreasa.

***Tuairim faoin gcuntas leithreasa***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithreasa go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 41 An tÚdarás Póilíneachta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta.  I mo thuairimse, coimeádadh taifid chuntasaíochta leordhóthanacha ag an Údaráis Póilíneachta.  Réitíonn an cuntas leithreasa leis na taifid chuntasaíochta.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas & Ciste

20 Meán Fómhair 2017

# Vóta 41 An tÚdarás Póilíneachta
# Cuntas Leithreasa 2016

| | | 2016 | |
|---|---|---|---|
| | | **Soláthar mheastacháin** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas Chláir** | | | |
| A. | Maoirsiú neamhspleách ar fheidhmeanna póilíneachta an Gharda Síochána a sholáthar | 2,700 | 1,106 |
| | **Ollchaiteachas** | **2,700** | **1,106** |
| B | *Lúide* | | |
| | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **60** | **31** |
| | **Glanchaiteachas** | **2,640** | **1,075** |

**Farasbarr le géilleadh**

Tá farasbarr na suime a luaitear le cois na glanmhéide atá i bhfeidhm dlite le géilleadh don Státchiste.

| | **2016** |
|---|---|
| | **€** |
| Farasbarr le géilleadh | €1,564,883 |

**Anailís chaiteachais riaracháin**

| | | 2016 | |
|---|---|---|---|
| | | **Soláthar mheastacháin** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 1,700 | 680 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | 50 | 3 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 685 | 275 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 50 | 8 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | 125 | 98 |
| vi | Speansais maidir le háitreabh na hoifige | 80 | 41 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus luach ar airgead agus athbhreithnithe polasaithe | 10 | 1 |
| | | 2,700 | 1,106 |

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2016

| | | 2016 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá riaracháin | | 680 |
| Riarachán neamhphá | | 426 |
| **Ollchaiteachas** | | **1,106** |
| *Lúide* | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **31** |
| **Glanchaiteachas** | | **1,075** |
| | | |
| **Athraithe ar shócmhainní caipitil** | | |
| Ceannacháin airgead tirim | (7) | |
| Dímheas | 4 | |
| | | (3) |
| **Athraithe ar ghlan-sócmhainní reatha** | | |
| Méadú ar réamhíocaíochtaí | (46) | |
| Méadú ar stoc | (6) | |
| | | (52) |
| **Caiteachas díreach** | | **1,020** |
| | | |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | |
| Glan-chaiteachas ar sheirbhísí comhghaolmhara (nóta 1.1) | | 235 |
| **Costas chláir ghlan** | | **1,255** |

#### 1.1 Glan-Chaiteachas ar Sheirbhísí Comhghaolmhara

Tá méid an ghlan-chaiteachais ar sheirbhísí comhghaolmhara comhdhéanta as na méideanna measta seo a leanas maidir le Vota 41 a iompraíodh in áit eile.

| | 2016 |
|---|---|
| | **€000** |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | 203 |
| Vóta 24 Dlí agus Ceart agus Comhionannas | 32 |
| | **235** |

## 2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2016

| | Nóta | 2016 €000 |
|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | **9** |
| **Sócmhainní reatha** | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 2 |
| Stoic | 2.4 | 6 |
| Réamhíocaíochtaí | | 71 |
| **Sócmhainní reatha iomlána** | | **79** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | |
| Speansais fhabhraithe | | 25 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.5 | 2 |
| **Dliteanais reatha iomlána** | | **27** |
| **Glan-sócmhainní reatha** | | **52** |
| **Glan-sócmhainní** | | **61** |
| **Léirithe ag:** | | |
| **Cuntas Maoiniú Stáit** | 2.1 | **61** |

| **2.1 Cuntas Maoiniú Stáit** | **Nóta** | | **2016** |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| **Eisíocaíochtaí ón Vóta** | | | |
| Soláthar mheastacháin | Cuntas | 2,640 | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (1,565) | |
| **Vóta glan** | | | **1,075** |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile | 1.1 | | 235 |
| Costas chláír ghlan | 1 | | (1,255) |
| Aistriú shócmhainní | 2.2 | | 6 |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **61** |

**2.2 Sócmhainní Caipitil**

| | Trealamh oifige | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Ollsócmhainní** | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2016 | — | — | — |
| Breiseanna | 5 | 2 | 7 |
| Aistrithe isteach * | — | 28 | 28 |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2016 | 5 | 30 | 35 |
| **Dímheas carntha** | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2016 | — | — | — |
| Dímheas don bhliain | 1 | 3 | 4 |
| Dímheas ar sócmhainní aistrithe * | — | 22 | 22 |
| Dímheas carntha ag 31 Nollaig 2016 | 1 | 25 | 26 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2016** | **4** | **5** | **9** |

* Baineann na sócmhainní a haistríodh isteach le troscán a fuarthas ó Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí (Vóta 5) a bhí lonnaithe san áitreabh atá in úsáid anois ag an Údarás Póilíneachta.

| **2.3 Banc agus Airgead Tirim** | **2016** |
|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** |
| Iarmhéideanna PMG agus airgead tirim | 2 |

| **2.4 Stoic** | **2016** |
|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** |
| Tomhaltáin TF agus stáiseanóireacht | 6 |

| **2.5 Iarmhéideanna Creidmheasa Eile** | **2016** |
|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** |
| **Suimeanna dlite don Stát** | |
| CBL ar shonraisc choigríche | 2 |

| **2.6 Glandliteanas don Státchiste** | **2016** |
|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** |
| | |
| Farasbarr le géilleadh | 1,565 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (1,565) |
| Glandliteanas don Státchiste | — |
| | |
| **Léirithe ag**: | |
| **Féichiúnaithe** | |
| Banc agus airgead tirim | 2 |
| | 2 |
| **Creidiúnaithe** | |
| Dlite don Stát | (2) |
| | (2) |
| | |
| | — |

| **2.7** Ceangaltais | **2016** |
|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** |
| | |
| **a) Ceangaltais Dhomhanda** | |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 4 |
| Iomlán na gceangaltas infheidhmithe le dlí | 4 |

## 3 Caiteachas Cláir de réir fo-cheannteidil

| | | 2016 | |
|---|---|---|---|
| | | **Soláthar mheastacháin** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** |
| **A** | **Maoirsiú neamhspleách ar fheidhmeanna póilíneachta an Gharda Síochána a sholáthar** | | |
| A.1 | Riarachán - pá | 1,700 | 680 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | 1,000 | 426 |
| | | 2,700 | 1,106 |

**Athraithe Suntasacha**

Tríd is tríd, bhí caiteachas an Chláir €1.6 milliún níos ísle ná mar a fhoráileadh. Tharla sé seo den chuid is mó mar gheall ar an méid seo a leanas:

| Cur síos | Níos lú ná a soláthraíodh | Míniú |
|---|---|---|
| Riarachán – pá | 1,020 | Tharla coigilteas mar gheall ar amlínte a bhí níos faide ná mar a raibh súil leis chun baill fhoirne a earcú agus a cheapadh; agus dá thoradh sin ní raibh ach 14 den líon iomlán foirne de 35 fostaithe faoi dheireadh na bliana. |
| Riarachán – neamhphá | 574 | Baineadh coigiltis amach mar thoradh ar dháta bunaithe an Údaráis agus gníomhaíochtaí áirithe ag tarlú níos déanaí in 2016 ná mar a ceapadh. Bhí costais riaracháin níos ísle de bharr gur líonadh na poist de réir a chéile, mar go raibh líon mór de na poist sin folamh i 2016.<br><br>Ní raibh cuid de na gníomhaíochtaí a bhí beartaithe ar dtús do 2016 ar siúl toisc gur earcaíodh an fhoireann de réir a chéile, agus mar thoradh ar sin bhí coigiltis ar chostais lena n-áirítear táillí dlí, táillí conraitheoirí, costais foilseacháin agus speansais earcaíochta. Cuireadh conradh iniúchta inmheánaigh seachfhoinsithe i bhfeidhm níos déanaí ná mar a bhí beartaithe agus dá bharr, ní raibh aon chostas ann i 2016 maidir le seirbhísí iniúchta inmheánaigh.<br><br>Bhí tearc-chaitheamh ar oiliúint agus forbairt foirne agus ar thaisteal agus cothabháil toisc nach raibh an fhoireann earcaithe chun tabhairt faoin leibhéal gníomhaíochta ná faoin oiliúint agus forbairt a bhí beartaithe.<br><br>Bhí an méid a caitheadh ar threalamh oifige, ar thomhaltáin agus ar sheirbhísí tacaíochta seachtracha TF níos ísle ná mar a ceapadh toisc go mbaineann an caiteachas sin go díreach leis an líon foirne. |

# 4 Fáltais

| **4.1 Leithreasaí-i-gcabhair** | | **2016** |
|---|---|---|
| | **Measta** | **Réadaithe** |
| | **€000** | **€000** |
| Fáltais ó asbhaintí a bhaineann le pinsin ar luach saothair na seirbhíse Poiblí | 60 | 31 |

# 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | **2016** |
|---|---|
| **Líon foirne** (comhionann le fostaithe lánaimseartha) **ag deireadh na bliana** | 14 |

| | **2016** |
|---|---|
| | **€000** |
| Pá | 618 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais breise | 6 |
| ÁSPC an Fhostóra | 56 |
| **Pá iomlán** | **680** |

**5.1 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre**

| | **Líon na bhfaighteoirí** | **Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó** | **Uasíocaíocht aonair** |
|---|---|---|---|
| | | | **2016** |
| | | | **€** |
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais breise | 1 | — | 5,636 |

**5.2 Táillí agus speansais baill an Údaráis**

Tá naonúr ball ag an Údarás agus an Cathaoirleach san áireamh. Íocadh táillí de €185,000 san iomlán le linn 2016. Bhuail an tÚdarás le chéile i seisiún iomlánach 13 uair san iomlán (5 cruinnithe phoiblí) agus tionóladh 32 chruinnithe fochoistí san iomlán. Íocadh speansais de €7,867 do bhaill bhord an Údaráis i 2016. Gearradh na táillí agus na speansais do fho-cheannteideal A2 (iii).

**5.3. Ró-íocaíochtaí Párolla**

Bhi ró-íocaíochtaí de €1,419 (2 chás) ag deireadh na bliana. As sin, tá plean téarnaimh i bhfeidhm maidir le €245 (1 chás).